Culture and Creativity Plan 2017
Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

Creative Ireland Louth
Éire Ildánach Lú

Contents
ÁBHAR

Foreword	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	7	Clár Éire Ildánach
The Culture Team in County Louth	9	An Fhoireann Cultúir i gContae Lú
Implementation	12	Cur i bhfeidhm
Projects for 2017	13	Tionscadail do 2017
Promotional Events 2017	17	Imeachtaí Poiblíochta 2017

Comhairle Contae **Lú**
Louth County Council

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

Foreword
RÉAMHRÁ

It is with great pride that we write this introduction to the first Culture and Creativity Plan for County Louth, and we invite all citizens of Louth, and visitors to our county, to participate in the events detailed within this innovative document.

We often take for granted those things which come easily to us. As individuals, we tend to downplay talents which we possess, and which require little practice and less work. However, it is these naturally-occurring skills and abilities which can seem the most impressive to others. Ireland has long been recognised as a nation to which creativity and cultural achievement come easily and naturally. Words are our currency, and music is a publically-owned utility. The arts and heritage in Ireland are a more socially-engaged initiative than in other countries, and culture as a whole is far more of a co-operative society than a private enterprise. Long may this continue, and long may it continue in Louth.

This is a unique place. Rivers, drumlins, mountains and coastline encircle both rich agricultural land and the two largest towns in Ireland. Louth bridges Ulster and Leinster, industry and farming, the Pale and Gaelic Ireland. Most of Ireland's national Iron Age epic, An Táin Bó Cuailgne, takes place in Louth, and our language retained an unbroken line here until the death of Anna Uí Annluain from Omeath in 1969. The area around Omeath was the last Irish-speaking area in Leinster, and in the early part of the 20th century, it attracted thousands of Irish speakers and learners, including Douglas Hyde, Eoin Mac Néill and Padraig Pearse, who travelled to Louth to hear the rich canúint of the area. This last outpost of Irish hints at the strength and vitality of Oriel, the region of south east Ulster and northeast Leinster, which at one period in the eighteenth century was the most important centre for the creation of poetry and literature on the island of Ireland. In recent years, this partly-forgotten heritage has been rescued, reclaimed, and re-presented by academics, singers and musicians, chief amongst whom is Pádraigín Ní Uallacháin, whose book, "A Hidden Ulster" , brought the poems, songs and personalities of Oriel to a wider audience. The important collections of music and songs made by Luke Donnellan in the early years of the 20th century were the subject of a Masters dissertation by traditional musician, Gerry O'Connor, and many of these pieces of music have made their way back into the mainstream tradition through the playing of Gerry, Zoe Conway, Nuala Kennedy, Áine McGeeney and other musicians. In the south of the county, there exists an important song tradition, which has been handed down through local families, and has been collected and celebrated by musicians and academics such as Sean Corcoran. This Drogheda singing tradition is a living one, with many young people now singing the songs of the Usher and Carolan families.

Our past influences all our artforms. In Louth, we are blessed with an architectural and monastic heritage which gives witness to the tide of history in our county. This concrete existence is important from a tourism and economic point of view, but its real value is the way it ties us into our landscape and to our history in this small part of Ireland. Creativity is about how we use that which we inherit to produce new buildings, texts, music, and visual art which are relevant to contemporary life. Communities at ease with culture are strong communities, and strong communities are the bedrock of healthy societies. Cultural expression within communities is essential for communities to shape their own futures. Communities who sing perform, act, write, and paint are better able to articulate their happiness, their dissatisfaction, their aspirations and their fears in a more effective and articulate way than those who for whom culture is not a realistic or relevant option. Culture and creativity are pathways to participation in civic dialogue.

Cuireann sé an-bhród orainn an réamhrá seo a scríobh leis an gcéad Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta do Chontae Lú, agus tugaimid cuireadh do shaoránaigh uile Lú, agus na cuairteoirí a thagann chuig ár gcontae, páirt a ghlacadh sna himeachtaí a leagtar amach sa doiciméad nuálach seo.

Is minic linn neamhshuim a dhéanamh do na rudaí sin a thagann go héasca linn. Mar dhaoine aonair, tá an claonadh ionainn beag a dhéanamh do na tallanna atá againn nach gá mórán cleachtaidh ina leith agus níos lú oibre. Ach sin ráite, is iad na scileanna agus na hábaltachtaí nádúrtha sin atá in ann a bheith iontach suimiúil do dhaoine eile. Is fada aithne ar Éirinn mar náisiún a dtagann an chruthaitheacht agus éachtaí cultúir go héasca agus go nádúrtha dúinn. Focail an láidreacht atá againn agus fóntas faoi úinéireacht phoiblí is ea an ceol. Tá na healaíona agus an oidhreacht in Éirinn ina dtionscnamh ina bhfuil níos mó comhpháirtíochta sóisialta ná mar atá i dtíortha eile, agus is mó go mór de chomharchumann ná d'fhiontar atá sa chultúr ina iomláine. Gura fada buan a mhairfidh sé seo agus gura fada buan dó i Lú.

Áit faoi leith is ea an áit seo. Tá aibhneacha, droimníní, sléibhte agus imeallbhord mórthimpeall talún saibhir feirmeoireachta agus ar an dá bhaile is mó in Éirinn. Tá Lú mar dhroichead idir Ulaidh agus Laighin, tionsclaíocht agus feirmeoireacht, an Pháil agus Éire Ghaelach. I Lú a tharla an chuid is mó d'eipic Iarannaoise náisiúnta na hÉireann, Táin Bó Cuailgne, agus bhí líne gan briseadh ag ár dteanga anseo nó gur bhásaigh Anna Uí Annluain as Ó Méith i 1969. Ba é an ceantar thart ar Ó Méith an ceantar deireadh i Laighin a raibh Gaeilge á labhairt ann, agus i dtús an 20ú haois thagadh na mílte de lucht labhartha agus d'fhoghlaimeoirí Gaeilge chuig an áit, lena n-áirítear Dubhglas de hÍde, Eoin Mac Néill agus Pádraig Mac Piarais, a thaistil go Lú chun éisteacht le canúint shaibhir na háite. Tugann lonnaíocht dheiridh seo na Gaeilge leid faoi neart agus beogacht Oirialla, an réigiún in Oirdheisceart Uladh agus in Oirthuaisceart Laighean a bhí ar an lárionad ba thábhachtaí ar oileán na hÉireann do chumadh filíochta agus litríochta ar feadh tréimhse amháin den ochtú céad déag. Le blianta beaga anuas, tá tarrtháil, athshlánú agus athléiriú déanta ar an oidhreacht leath-dhearmadta seo ag lucht léinn, amhránaithe agus ceoltóirí a bhfuil Pádraigín Ní Uallacháin ar an duine is mó acu agus a leabhar "A Hidden Ulster" tar éis dánta, amhráin agus pearsana Oirialla a chur ar fáil do phobal níos leithne. Bhí na bailiúcháin thábhachtacha ceoil agus amhrán a rinne Luke Donnellan sna chéad bhlianta den 20ú cead mar ábhar tráchtais Máistreachta ag an gceoltóir traidisiúnta, Gerry O'Connor, agus tá cuid mhór de na píosaí ceoil sin tagtha ar ais sa traidisiún lárnach trí sheinm Gerry, Zoe Conway, Nuala Kennedy, Áine McGeeney agus ceoltóirí eile. I ndeisceart an chontae tá traidisiún tábhachtach amhránaíochta atá tagtha anuas trí theaghlaigh áitiúla, agus atá bailithe agus ceiliúrtha ag ceoltóirí agus ag lucht léinn ar nós Sean Corcoran. Traidisiún beo is ea an amhránaíocht seo as Droichead Átha, agus tá cuid mhór daoine óga ag canadh amhrán theaghlaigh Uiséir agus Uí Chearúlláin.

Tá ár stair ina tionchar ar ár bhfoirmeacha ealaíne go léir. I Lú, tá an t-ádh orainn go bhfuil oidhreacht ailtireachta agus mainistreach againn, rud atá mar fhianaise ar shruth na staire inár gcontae. Tá an cruthúnas fisiciúil seo tábhachtach ó thaobh na turasóireachta agus an gheilleagair de, ach is é an príomh-fhiúntas atá ann ná an bealach a cheanglaíonn sé muid lenár dtírdhreach agus lenár stair sa chuid bheag seo d'Éirinn. Cruthaitheacht is ea an bealach a mbainimid

The Creative Ireland Programme is both a challenge to us to work together, and an opportunity to do so. The county-wide Culture Team is to be applauded for its work in mounting the first Cruinniú na Cásca in Mellifont, and in producing this document, both created under challenging timelines. The Programme chimes with the work which is ongoing in Louth, not least in the use of the word Ildánach, which is part of County Louth's motto. Ildánach means to be versed in all the arts, to be multi-talented, versatile and accomplished. We will strive for all citizens of Louth to be ildánach, and we wish this first Culture and Creativity Plan every success.

An Cmh Paul Bell,
Cathaoirleach
Comhairle Contae Lú

Joan Martin,
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Lú

úsáid as a bhfuil faighte mar oidhreacht againn chun foirgnimh nua, téacsanna, ceol agus amharcealaíona atá ábhartha do shaol na linne seo a chur ar fáil. Pobail láidre is ea pobail atá ar a suaimhneas leis an gcultúr, agus tá pobail láidre mar bhunchloch ag sochaithe sláintiúla. Tá léiriú cultúir laistigh de phobail riachtanach do phobail chun a gcruth féin a chur ar an todhchaí. Na pobail sin a bhíonn ag dul don amhránaíocht, taibhiú, aisteoireacht, scríobh agus péinteáil, bíonn siad níos fearr ag léiriú a gcuid áthais, a míshástachta, a n-uaillmhianta agus a gcuid eaglaí ar bhealach níos éifeachtaí agus níos soiléire ná dreamanna nach bhfuil cultúr ina rogha réadúil nó ábhartha acu. Tá an cultúr agus an chruthaitheacht ina gconairí chun a bheith rannpháirteach i bplé sibhialta.

Is dúshlán atá sa Chlár Éire Ildánach dúinn chun oibriú le chéile ach freisin is deis dúinn é chun é sin a dhéanamh. Tá ardmholadh tuillte ag an bhFoireann Cultúir ar fud an chontae as an obair atá déanta acu chun an chéad Chruinniú na Cásca a chur ar bun sa Mhainistir Mhór agus an doiciméad seo a chur ar fáil, dhá rud a cruthaíodh faoi bhrú dúshlánach ama. Tá an Clár ag luí go maith leis an obair leanúnach atá ar siúl i Lú, go háirithe in úsáid an fhocail 'Ildánach' atá ina chuid de mhana Chontae Lú. Ciallaíonn 'ildánach' a bheith inniúil sna healaíona go léir, a bheith ilchumasach, iléirimiúil agus cumasach. Déanfaimid ár ndícheall go mbeidh gach saoránach i Lú 'ildánach', agus guímid gach rath ar an gcéad Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta.

An Cmh Paul Bell,
Cathaoirleach
Comhairle Contae Lú

Joan Martin,
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Lú

Creative Ireland Programme
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 - a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025 - which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to, and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment. .

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme - Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916.

Is é Clár Éire Ildánach an Clár Oidhreachta an Rialtais d'Éirinn 2016 - tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go dtí 2022 a chuireann an chruthaitheacht ag lár an bheartais phoiblí. Tionscnamh ardleibhéil, uaillmhianach an rialtais ina iomláine atá anseo chun an chruthaitheacht a chur i lár an aonaigh i saol an náisiúin ionas go mbeimid in ann, ina n-aonar agus le chéile, inár saol pearsanta agus inár bhforais, ár bpoitéinseal cruthaitheachta iomlán a bhaint amach.

Clár cultúrbhunaithe is ea Éire Ildánach atá deartha chun folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an moladh lárnach ná go dtiomáineann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúir an chruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann, rud a mbíonn impleachtaí suntasacha ann d'fholláine agus do ghnóthachtáil an duine aonair agus don sochaí.

Lena chois sin, is é Éire Ildánach an phríomh-fheithicil fheidhmithe do na tosaíochtaí atá aitheanta i ndoiciméad beartais an Rialtais, Cultúr 2025- Éire Ildánach a luann gur dlúthchuid de Stát na hÉireann iad na healaíona agus an cultúr, aithnítear ann an gá chun méadú a dhéanamh ar rochtain agus ar rannpháirtíocht sna healaíona, ár dtionscail chruthaitheacha a neartú, agus ár n-oidhreacht a chaomhnú le fócas faoi leith ar theanga, ar thírdhreach agus ar an gcomhshaol.

Tá an clár bunaithe ar na téamaí féiniúlacht, cultúr agus saoránacht. Is iad na croíphrionsabail oibriúcháin ná Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumasú Pobail, agus Idirnáisiúnú.

Tá ról ríthábhachtach ag údaráis áitiúla i seachadadh iomlán Chlár Éire Ildánach agus tá údarás eisiach tugtha dóibh, trína bhfoirne cultúir, Colún 2 den chlár - An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal - a chur ar fáil. Tá an

This Plan sets out the beginning of our part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing. County Louth boasts a rich tapestry of arts and culture and this Culture and Creativity Plan allows us to highlight and showcase some of the valuable and positive events planned for 2017 and beyond.

Louth County Council fully recognises and supports the aim of putting creativity and culture at the heart of our work. The benefits of a thriving cultural sector to a county, in terms of tourism and other economic benefits are well recognised. But the intrinsic value of culture to individuals and communities is the most important benefit of all. In the promotion of, and investment in, our arts and cultural services, we are acknowledging the positive contribution creativity and heritage make to people's emotional and mental well-being, adding value to lives, and strengthening social cohesion.

The Creative Ireland Programme presents us in Louth with an opportunity to present an integrated and strategic programme of engagement with culture in all its facets. It is hoped that even more citizens of Louth, as well as visitors to our county, will experience many of the cultural experiences presented in this Plan, which are a testament to the talent, artistry and heritage of the people of Lú Ildánach.

dílárú freagrachta seo d'Éire Ildánach chuig na húdaráis áitiúla spreagtha ag an tionchar sonraíoch a bhí ag tionscadail chomhoibrithe a ndearna údaráis áitiúla comhordú orthu do chomóradh céad bliain 1916.

Tá an Plean seo mar thús den pháirt a bheidh againn sa turas cúig bliana seo, tionscnamh beartais fíorthábhachtach náisiúnta atá dírithe ar chultúr agus folláine. Tá saibhreas mór ealaíon agus cultúir i gContae Lú agus tugann an Plean Cultúir agus Cruthaitheachta seo cead dúinn aibhsiú agus léiriú a thabhairt ar chuid de na hócáidí deimhneacha atá beartaithe do 2017 agus níos faide chun cinn.

Tugann Comhairle Contae Lú aitheantas iomlán don aidhm chun an chruthaitheacht agus an cultúr a chur ag croílár ár gcuid oibre agus tacaíonn sí leis sin. Aithnítear go maith na buntáistí a bhaineann le hearnáil fhorásach cultúir, i dtéarmaí turasóireachta agus buntáistí geilleagracha eile. Ach is í an bhuntáiste is tábhachtaí ar fad ná an luach bunúsach atá sa chultúr do dhaoine aonair agus do phobail. Sa chur chun cinn agus san infheistíocht inár seirbhísí ealaíon agus cultúir, táimid ag tabhairt aitheantais don chúnamh deimhneach a thugann an chruthaitheacht agus an oidhreacht d'fholláine mothúcháin agus meabhrach na ndaoine, ag cur breis luacha ar a saol agus ag neartú an chomhtháthaithe sóisialta.

Tugann an Clár Éire Ildánach deis dúinn i Lú chun clár comhtháite agus straitéiseach comhpháirteachais a chur ar fáil maidir le gach gné den chultúr. Táthar ag súil go mbeidh níos mó saoránach ná riamh i Lú, mar aon le cuairteoirí chuig an gcontae, ag baint sásaimh as na heispéiris chultúir atá curtha ar fáil sa Phlean seo, nithe ar teistiméireacht iad ar thallann, ealaín agus oidhreacht mhuintir Lú Ildánaigh.

The Creative Ireland Team in County Louth
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH I GCONTAE LÚ

The Culture Team in County Louth team represents the wide and varying fields of arts, culture, libraries, museum, archives, and heritage and conservation services in the county. The ten-strong Culture Team reports to Director of Service, Frank Pentony, and is tasked with outlining a unified approach to cultural development through the planning and management of the Louth Culture plan for the next five years. The team comprises of:

Léiriú is ea an Fhoireann Cultúir i gContae Lú ar na réimsí leathana agus éagsúla ealaíon, leabharlanna, músaeim, cartlanna, agus seirbhísí oidhreachta agus caomhnaithe atá sa chontae. Deichniúr atá ar an bhFoireann Cultúir agus tuairiscíonn siad don Stiúrthóir Seirbhísí, Frank Pentony, a bhfuil freagracht air as cur chuige aontaithe don fhorbairt cultúir a leagan amach trí phleanáil agus bainistiú a dhéanamh ar Phlean Cultúir Lú ar feadh na gcúig bliana seo romhainn. Ar an bhfoireann tá:

Amanda Branigan

Acting County Librarian
Amanda has the responsibility for the leadership, strategic planning, management and development of the library services for Louth County Council, including five branch libraries, a mobile and school library service.

Leabharlannaí Gníomhach Contae
Tá freagracht ar Amanda as ceannaireacht, pleanáil straitéiseach, bainistiú agus forbairt ar na seirbhísí leabharlainne do Chomhairle Contae Lú, lena n-áirítear cúig leabharlann bhrainse mar aon le seirbhís leabharlainne soghluaiste agus scoile.

Angela Dullaghan

Architectural Conservation Officer
The role of the Architectural Conservation Officer is to protect the architectural heritage of Louth through the identification of Protected Structures, the designation of Architectural Conservation Areas (ACAs), the safeguarding of designed landscapes and historic gardens, and the recognition of structures and elements that contribute positively to the vernacular and industrial heritage of the County.

Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta
Is é an ról atá ag an Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta ná cosaint a thabhairt d'oidhreacht ailtireachta Lú trí Struchtúr atá faoi Chosaint a aithint, Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna) a ainmniú, cosaint a thabhairt do thírdhreacha dearthа agus gairdíní stairiúla, struchtúir agus eilimintí a aithint a chuireann go dearfach le hoidhreacht dhúchais agus thionsclaíochta an Chontae.

Aoife Ruane

Director, Highlanes Gallery
Aoife Ruane is the Director of Highlanes Gallery, a Municipal Art Gallery for Drogheda and the North East. She is a member of the Governing Body of the Institute of Art, Design and Technology, Dun Laoghaire (IADT), Chairperson of Drogheda Arts Festival, a member of the Board of Directors of the Irish Museums Association, and serves on the Council of Drogheda & District Chamber of Commerce

Stiúrthóir, Gailearaí na Lánaí Arda
Tá Aoife Ruane ina Stiúrthóir ar Ghailearaí na Lánaí Arda, Gailearaí na Cathrach do Dhroichead Átha agus don Oirthuaisceart. Tá sí ina ball de Choiste Rialaithe na hInstitiúide Ealaíne & Deartha, Dún Laoghaire (IADT), ina Cathaoirleach ar Fhéile Ealaíon Dhroichead Átha, ina comhalta de Bhord Stiúrthóirí Chumann Músaem na hÉireann, agus freastalaíonn sí ar Chomhairle Dhroichead Átha & ar Chumann Lucht Tráchtála an Cheantair.

Brendan McSherry

County Heritage Officer
The Heritage Office of Louth County Council works to raise awareness of, and pride in Louth's heritage. Its aim is to gain the heritage dividend for Louth by using our heritage to improve our quality of life and to contribute to the county's economic development.

Oifigeach Oidhreachta an Chontae
Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Lú chun feasacht agus bród a mhúscailt in oidhreacht Lú. An aidhm atá acu ná an díbhinn oidhreachta a bhaint amach do Lú trí úsáid a bhaint as ár n-oidhreacht chun cáilíocht beatha a fheabhsú agus cur le forbairt gheilleagrach an chontae.

Brian Harten

County Arts Officer
CreateLouth, the Arts Service of Louth County Council, works with artists, communities, organisations and funders to make engagement with the arts a realistic, valuable, and rewarding experience for all citizens in our county. Brian is also a member of the Board of Directors of Youth Theatre Ireland, of An Táin Arts Centre, of Highlanes Gallery, and of Creative Spark. He is a member of the Governing Body of Dundalk Institute of Technology, where he is also Chair of the Finance, Audit and Risk Committee, and a Board member of Music Generation Louth.

Oifigeach Ealaíon an Chontae
Is é Create Louth an tSeirbhís Ealaíon atá ag Comhairle Contae Lú agus oibríonn siad le healaíontóirí, pobail, eagraíochtaí agus lucht maoinithe chun eispéireas níos réadúla, níos luachmhaire agus níos tairbhí a dhéanamh as an gcomhpháirteachas leis na healaíona do na saoránaigh ar fad atá sa chontae. Freisin, tá Brian ina chomhalta de Bhord Stiúrthóirí Amharclann Óige Éireann, Ionad Ealaíon An Táin, de Ghailearaí na Lánaí Arda agus Creative Spark. Tá sé ina chomhalta de Bhord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, áit a bhfuil sá ina Chathaoirleach freisin ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, agus tá sé ina chomhalta Boird ar Music Generation Louth.

Brian Walsh

Curator, County Museum, Dundalk
The County Museum, Dundalk is located in a beautifully restored late 18th century warehouse in the Carroll Centre at Roden Place in Jocelyn Street. The Museum offers an extensive programme of permanent exhibitions, temporary displays, drama presentations, music recitals, lecture and film.

Coimeádaí, Músaem an Chontae, Dún Dealgan
Tá Músaem an Chontae, Dún Dealgan lonnaithe i dtrádstóras álainn athchóirithe a tógadh i ndeireadh an 18ú céad in Ionad Carroll ar Shráid Roden, ag Sráid Jocelyn. Tá clár cuimsitheach acu de thaispeántais bhuana, taispeántais shealadacha, léiriúcháin drámaíochta, ceadail cheoil, leachtaí agus scannán.

Colette Farrell

Director, Droichead Arts Centre
Colette began her career as an actress and a stage manager. She has worked in the Education Department in the Abbey Theatre, taught drama to children in the Gaiety School of Acting, and was General Manager and subsequently Programme Manager of the City Arts Centre, Dublin. For 14 years, she was Producer/Company Manager of Calipo Theatre & Picture Co.

Stiúrthóir, Ionad Ealaíon an Droichid
Chuir Colette tús lena slí bheatha mar aisteoir agus mar bhainisteoir stáitse. Tá seal oibre déanta aici i Roinn Oideachais Amharclann na Mainistreach, mhúin sí drámaíocht do leanaí i Scoil Aisteoireachta Amharclann an Gheata, agus bhí sí ina Bainisteoir Ginearálta agus ina Bainisteoir Clár ina dhiaidh sin ar an City Arts Centre, Baile Átha Cliath. Ar feadh 14 bliana, bhí sí ina Léiritheoir/Bainisteoir Cuideachta ar an Calipo Theatre & Picture Co.

Lorraine McCann

County Archivist
Lorraine manages, preserves and makes accessible to the public, archives of public and private origin relating to the history of County Louth in addition to providing records management services to Louth County Council. Lorraine emphasises the importance of the County Archives to the community both as a repository for historical documents and as a resource for research. Lorraine is a member of the Archives and Records Association UK & Ireland and of the Local Authority Archivists' Group.

Cartlannaí an Chontae
Déanann Lorraine bainistiú, caomhnú agus cuireann sí rochtain ar fáil don phobal ar chartlanna de bhunús poiblí agus príobháideach a bhaineann le stair Chontae Lú de bhreis ar a bheith ag cur seirbhísí bainistithe taifead ar fáil do Chomhairle Contae Lú. Cuireann Lorraine an bhéim ar thábhacht na gCartlann Contae don phobal, mar thaisclann do cháipéisí stairiúla agus freisin mar fhoinse do thaighde. Tá Lorraine ina comhalta den Archives and Records Association UK & Ireland agus de Ghrúpa Cartlannaithe na nÚdarás Áitiúil.

Paul Hayes

Director, An Táin Arts Centre
Paul has been the Director at An Táin Arts Centre since it was founded three years ago. He is responsible for the programming of the various spaces in the Centre which includes a 350 seat auditorium, a 55 seat studio theatre, and the Basement Gallery.

Stiúrthóir, Ionad Ealaíon An Táin
Tá Paul ina Stiúrthóir ar Ionad Ealaíon An Táin ó bunaíodh é trí bliana ó shin. Tá sé freagrach as an gclárscéidealú ar na spásanna éagsúla atá san Ionad ina n-áirítear halla éisteachta ina bhfuil 350 suíochán, amharclann stiúideo ina bhfuil 55 suíochán agus an Basement Gallery.

Sarah Daly

Executive Director, Creative Spark
Creative Spark is a centre for creativity and innovation, based in Dundalk. Sarah has a background in Fine and Applied Arts and is experienced in business development for SMEs, particularly in the creative sectors. She has a specific interest in community development and engagement through creative practice.

Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Creative Spark
Ionad don chruthaitheacht agus don nuálaíocht atá lonnaithe i nDún Dealgan is ea Creative Spark. Tá cúlra Mínealaíon agus Ealaíon Feidhmeach ag Sarah agus tá taithí aici san fhorbairt ghnó do SMEanna, sna hearnálacha cruthaitheacha ach go háirithe. Tá suim shonrach aici i bhforbairt agus i gcomhpháirteachas pobail trí chleachtas cruthaitheach.

Implementation
CUR I BHFEIDHM

As community partnership is a key aspect of this programme, Louth County Council's record of working with the voluntary, community and economic sectors of the county will prove to be invaluable. Through the County Culture Team, we will seek to disseminate information on the Creativity and Culture plan and the events programmed therein. Networks of contacts and collaboration exist at multiple levels between the various sections of the Culture Team and these will be capitalised on. We will also avail of the support of the LCDC (Louth Community and Development Committee), the PPN (Public Participatory Network) and various SPC's within the County Council. Other contact and outreach opportunities include:

- Specific mailing lists for updates and event listings capitalising on the different contacts of each member of the Culture Team
- Updates on social media, both Council and other
- Web page on the Council website with information on the programme and upcoming events and links to Creative Ireland website
- Further public consultation meetings, if required
- Many of the individuals in the Culture Team feed into the Chief Executive's monthly Reports for County Council Meetings, and these are an opportunity to keep elected representatives up to date with the programme and planned events
- Targeted media campaign in local press/radio

Mar gheall go bhfuil comhpháirtíocht pobail ina ghné lárnach den chlár seo, beidh teistiméireacht Chomhairle Contae Lú i dtaca lena cuid oibre leis na hearnálacha deonacha, pobail agus geilleagair sa chontae thar a bheith luachmhar. Trí Fhoireann Cultúir an Chontae, beimid ag díriú ar eolas a scaipeadh faoin bPlean Cultúir agus Cruthaitheachta agus faoi na himeachtaí atá leagtha amach ann. Tá gréasáin de theagmhálacha agus de chomhoibriú ar fáil ag a lán leibhéal idir na coda éagsúla den Fhoireann Cultúir agus bainfear an leas is fearr astu sin. Bainfimid úsáid freisin as an tacaíocht ón LCDC (Coiste Pobail agus Forbartha Lú), an PPN (Líonra Rannpháirtíochta Pobail) agus SPCanna éagsúla laistigh den Chomhairle Contae. Áirithe ar na deiseanna eile teagmhála agus for-rochtana tá:

- Liostaí seoltaí chun eolas nuashonraithe agus liostaí ócáidí a sheoladh, ag baint an leasa is fearr as na teagmhálacha difriúla atá ag gach ball den Fhoireann Cultúir.
- Eolas nuashonraithe ar na meáin shóisialta, cinn na Comhairle agus eile.
- Leathanach gréasáin ar láithreán gréasáin na Comhairle ar a mbeidh eolas faoin gclár agus faoi ócáidí atá le teacht, agus naisc chuig láithreán gréasáin Chlár Éire Ildánach.
- Tuilleadh cruinnithe comhairliúcháin phoiblí, más gá.
- Cuireann cuid mhór daoine aonair ar an bhFoireann Cultúir eolas ar fáil do Thuarascálacha míosúla an Phríomhfheidhmeannaigh do Chruinnithe Comhairle Contae, agus is deis iad sin chun na hionadaithe tofa a choinneáil ar an eolas faoin gclár agus faoi na hócáidí atá pleanáilte.
- Feachtas dírithe ar na meáin, sna meáin áitiúla agus ar raidió áitiúil.

Projects for 2017
TIONSCADAIL DO 2017

CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED PROJECTS FOR 2017

The following events were submitted by various arts and culture organisations around the county for inclusion in the Creativity and Culture Plan for 2017. All submissions were reviewed by the Culture Team and approval granted by Louth County Council.

Cruinniú na Cásca
The first event organised by the Louth Culture Team, took place within the picturesque ruins of the first Cistercian monastery in Ireland - Mellifont Abbey - on Easter Monday, April 17th. This was a free family day out, with music, storytelling, visual arts, crafts and heritage, an event which showcased the best of culture in Louth, and a lot of fun as well!

Leanbh
A multi-disciplinary arts festival for young people in Drogheda. Droichead Arts Centre will produce this Children's Arts Festival during the month of October, 2017. Leanbh will present an ambitious, high quality programme of theatre, music, literature, visual arts and other work, made specifically for younger ages and family groups.Droichead Arts Centre will work with other organisations to assist in promoting the work and extending access and engagement across a range of contexts e.g. Lthe Library Service, Mumstown, and the network of pre- schools. The aim of the festival is to build relationships with artists who make work specifically for children and young people, and to encourage them to bring more of their work to Louth, developing partnerships for the future. droichead.com

TIONSCADAIL CHISTITHE FAOI CHLÁR ÉIRE ILDÁNACH DON BHLIAIN 2017

Chuir eagraíochtaí éagsúla ealaíne agus cultúir ar fud an chontae na hócáidí seo isteach lena n-áiraemh sa Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta do 2017. Rinne an Fhoireann Cultúir athbhreithniú ar na haighneachtaí go léir agus fuarthas cead ó Chomhairle Contae Lú.

Cruinniú na Cásca
An chéad ócáid a d'eagraigh Foireann Cultúir Lú, agus reáchtáladh é sin Luan Cásca, 17ú Aibreán laistigh d'fhothrach álainn an chéad mhainistir Cistéirseach a tógadh in Éirinn - An Mhainistir Mhór. Lá don teaghlach ab ea é, gach rud in aisce, le ceol, scéalaíocht, amharcealaíona, ceardaíocht agus oidhreacht, ócáid a thug léiriú ar scoth an chultúir i Lú, agus an-spraoi ann chomh maith!

Leanbh
féile ealaíon ildisciplíneach do dhaoine óga i nDroichead Átha. Beidh Ionad Ealaíon an Droichid ag léiriú na Féile Ealaíon Leanaí seo i rith Dheireadh Fómhair 2017.
Léireoidh Leanbh clár uaillmhianach, ardchaighdeáin amharclannaíochta, ceoil, litríochta, amharcealaíon agus saothair eile, ceaptha go speisialta d'aoiseanna níos óige agus do ghrúpaí teaghlaigh.
Beidh Ionad Ealaíon an Droichid ag oibriú le heagraíochtaí eile chun cuidiú leis an obair a chur chun cinn mar aon le rochtain agus comhpháirteachas a leathnú thar réimse de chomhthéacsanna, m.sh. Seirbhís Leabharlainne Lú, Mumstown agus an gréasán réamhscoileanna.

Let's Go Outside!
This June sees artists from around County Louth bringing their work outside of their usual realms. Each event will give people the opportunity to enjoy and engage with different forms of arts and creativity in locations outside traditional gallery, theatre or studio settings. The series kicks off with Bridge Street Studios in Dundalk presenting Art in The Yard on Sunday 11 June. bridgestreetstudios.com

The Craft Makers in Millmount Cultural Centre, Drogheda, will host a Midsummer's Artisan Market on Wednesday 21 June in the courtyard at Millmount. millmount.net

Creative Spark in Dundalk will celebrate St. Johns Eve, traditionally Bonfire Night, with a Ceramic Raku Firing and barbeque on Friday 23 June. creativespark.ie

An Chúirt Chruitireachta, the Annual Harp Festival which takes place in An Grianán, Termonfeckin, will this year bring some events to Drogheda with a concert in Beaulieu House on Sunday 25 June and a series of Harp Stars lunchtime performances at The Tholsel in Drogheda, on Monday 26, Tuesday 27 and Thursday 29 June.
cairdenacruite.com

An aidhm atá leis an bhféile ná caidrimh a chothú le healaíontóirí a oibríonn go sonrach le leanaí agus daoine óga, agus iad a spreagadh chun tuilleadh dá gcuid oibre a thabhairt go Lú agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt don todhchaí. www.droichead.com

Seo Linn Amach!
An Meitheamh seo romhainn beidh ealaíontóirí as gach ceard de Chontae Lú ag tabhairt a saothair amach as a ngnáth-ionaid oibre. Tabharfaidh gach ócáid deis do dhaoine sásamh a bhaint as agus dul i bpáirtíocht leis na cineálacha éagsúla ealaíona agus cruthaitheachta in ionaid taobh amuigh de láithreacha traidisiúnta gailearaí, amharclainne nó stiúideo. Cuirfear tús leis an tsraith leis an léiriúchán Art in The Yard le Stiúideonna Shráid an Droichid i nDún Dealgan ar an Domhnach 11 Meitheamh. www.bridgestreetstudios.com

Beidh na Déantóirí Ceardaíochta in Ionad Cultúira Thulach an Mhuilinn, Droichead Átha, ag óstáil Aonach Ceardaíochta Fhéile Eoin sa chlós ag Tulach an Mhuilinn. www.millmount.net

Beidh Creative Spark i nDún Dealgan ag ceiliúradh Oíche Fhéile San Seán, Oíche na dTinte Cnámh go traidisiúnta, le Scaoileadh Raku Ceirmeach agus barbaiciú ar an Aoine 23 Meitheamh. www.creativespark.ie

Bíonn an Chúirt Chruitireachta ar siúl gach bliain ag an nGrianán, Tearmann Feichín, agus i mbliana tabharfar roinnt ócáidí go Droichead Átha le ceolchoirm i dTeach Beaulieu ar an Domhnach an 25 Meitheamh agus sraith de choirmeacha am lóin ó Réaltaí Cruitireachta ag an Tholsel i nDroichead Átha, Dé Luain 26, Dé Máirt 27 agus Déardaoin 29 Meitheamh. www.cairdenacruite.com

The Tempest, with Encore Productions
Encore Productions is composed of clients from the RehabCare Resource Centre in Dundalk. The centre provides services for 60 adults with intellectual disabilities from all over County Louth. Their version of Shakespeare's The Tempest will involve 16 actors from the centre with a crew of four staff and volunteers. Live action will be supported by video projections, stop motion animation, voice and sound recordings, and artwork made by many more of the participants from the Centre. The Tempest will open in An Táin Arts Centre, Dundalk, and then tour to venues throughout Ireland, north and south. Encore Productions will also facilitate schools workshops, workshops with Social Care Students, and community groups. rehab.ie

A History of Louth in Twenty Objects
An Illustrated Guide & Atlas is a children's book designed to introduce a new audience to Louth's history, as expressed through the County Museum Dundalk's collection. The book adopts a holistic approach to the provision, depiction and interpretation of the County's historical narrative. Items featured will be presented in situ e.g., the leather jerkin worn by King William of Orange at the Battle of the Boyne will be set in a high quality drawing of the battle amidst other items associated with the time. In addition to this, the book will feature a list of pen pictures highlighting the involvement and contribution of those associated with the events portrayed. The book will be aimed at 6th class students, but designed in a manner to be read with parents or guardians. dundalkmuseum.ie

The Tempest, le Encore Productions
Cliaint as Ionad Acmhainní RehabCare i nDún Dealgan atá in Encore Productions. Cuireann an t-ionad seirbhísí ar fáil do 60 duine fásta atá faoi mhíchumas intleachta as gach ceard de Chontae Lú. Ina n-eagrán de The Tempest le William Shakespeare beidh 16 n-aisteoir as an ionad páirteach ann mar aon le ceathrar ball foirne agus oibrithe deonacha. Leis an aicsean beo beidh tacaíocht ó léiriúcháin físe, beochan íomhá ar íomhá, taifid gutha agus fuaime, agus obair ealaíne a rinne a lán de na rannpháirtithe eile as an Ionad. Cuirfear tús le The Tempest sa in Ionad Ealaíon An Táin, Dún Dealgan, agus ansin tabharfar ar thuras é chuig ionaid ar fud na hÉireann, ó thuaidh agus ó dheas. Beidh Encore Productions ag déanamh éascaíochta freisin do cheardlanna scoileanna, ceardlanna le Mic Léinn Cúram Sóisialta, agus le grúpaí pobail. rehab.ie

A History of Louth in Twenty Objects
An Illustrated Guide & Atlas, sin leabhar do leanaí atá deartha chun stair Lú a chur in aithne do phobal nua, mar atá léirithe trí bhailiúcháin Mhúsaem Contae Dhún Dealgan. Glacann an leabhar le cur chuige iomlánaíoch i dtaca le soláthar, léiriú agus léirmhíniú ar insint staire an Chontae. Na nithe a bheidh faoi thrácht, cuirfear i láthair iad in situ, m.sh, beidh an seircín leathair a bhí á chaitheamh ag Rí Liam Oráiste ag Cath na Bóinne socraithe i líníocht ardchaighdeáin den chath i measc nithe eile a bhain leis an am sin. Lena chois sin, beidh liosta de pheannphictiúir sa leabhar ag aibhsiú rannpháirtíocht agus ionchur na ndaoine sin a bhí bainteach leis na himeachtaí atá léirithe. Beidh an leabhar dírithe ar dhaltaí sa 6ú rang, ach beidh sé deartha ar bhealach go bhféadfar é a léamh in éineacht le tuismitheoirí nó caomhnóirí. dundalkmuseum.ie

Four Thousand Holes
A performance of contemporary music by Louth Contemporary Music Society, with specially commissioned video work by Jackie Nickerson. A recording will be made of this seminal piece of music by composer John Luther Adams. The work, about 32 minutes in length, is based on the final chord of The Beatles 'A Day in the Life'. Four Thousand Holes is written for piano, percussionist and electronic aura sounds. The recording will take place in St. Peter's Church of Ireland Drogheda. It will be released on Louth Contemporary Music Society's own record label as well as on digital platforms like iTunes and Spotify. Louth-based artist Jackie Nickerson will make an accompanying innovative video to accompany the audio track. louthcms.org

Four Thousand Holes
Sin taispeántas de cheol comhaimseartha leis an Louth Contemporary Music Society agus obair fhíseáin de chuid Jackie Nickerson a coimisiúnaíodh go speisialta. Déanfar taifeadadh ar an saothar ceannródaíoch ceoil seo ón gcumadóir John Luther Adams. Tá an saothar thart ar 32 nóiméad ar fhad agus é bunaithe ar an gcorda deiridh de shaothar The Beatles, 'A Day in the Life'. Tá Four Thousand Holes scríofa don phianó agus d'fhuaimeanna mothúcháin cnagcheoltóireachta agus leictreonacha. Déanfar an taifeadadh i dTeampall Pheadair, Droichead Átha. Eiseofar é ar lipéad ceoil an Louth Contemporary Music Society féin agus freisin ar ardáin dhigiteacha mar iTunes agus Spotify. Déanfaidh an t-ealaíontóir Jackie Nickerson, atá lonnaithe i Lú, físeán nuálach chun dul leis an bhfuaimrian. louthcms.org

Promotional Events 2017
IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

The following is a is a selective listing of 2017 events, projects and initiatives helping to promote the Creative Ireland programme in County Louth.

Seo a leanas liosta roghnaitheach d'ócáidí, tionscadail agus tionscnaimh in 2017 chun cuidiú leis an gClár Éire Ildánach a chur chun cinn i gContae Lú.

Adrian & Shane in Barcelona
Adrian and Shane are artists working together as one since 1998, and are based in Dunleer, County Louth. They use paint, collage, stencils, photos and videos to create pop art. They first exhibited in 1999, and since then have had many successful solo exhibitions and group shows in Ireland and internationally. Their work has appeared in numerous publications worldwide. They have been invited to exhibit their entirely new exhibition of paintings, framed prints and sculpture at the HELL Gallery in Barcelona in August 2017. www.adrianandshane.com

Adrian & Shane i mBarcelona.
Ealaíontóirí is ea Adrian agus Shane atá ag obair le chéile ó 1998 agus iad lonnaithe i nDún Léire, Contae Lú. Baineann siad úsáid as péint, colláis, stionsail, grianghraif agus físeáin chun pop-ealaín a chruthú. Thug siad a gcéad taispeántas in 1999 agus ó shin i leith is iomaí taispeántas aonair agus seónna grúpa a bhí acu in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Foilsíodh a saothar i gcuid mhaith foilseachán ar fud an domhain. Tá cuireadh faighte acu chun a dtaispeántas nua as an bpíosa de phéintéireachtaí, priontaí frámáilte agus dealbhadóireacht a thaispeáint i Gailearaí HELL i mBarcelona i Lúnasa 2017. www.adrianandshane.com

Medieval Head of Carlingford
Carlingford Building Conservation Project
This project consists of the appropriate consolidation and repair of a medieval head & wall in the medieval Walled Town of Carlingford. Hidden away on a fragment of a gable wall, which is part of a surviving burgage plot dating from the sixteenth century, this 500 year-old carved human head (believed to be from the Dominican Friary) requires urgent consolidation and repair work to prevent its loss. It is intended to run family fun information days and traditional skills work-shops alongside the conservation works. louthcoco.ie/en/Services/Planning/Conservation/

Cloigeann Meánaoiseach Chairlinn
Tionscadal Caomhnaithe Foirgníochta Chairlinn
Áirithe sa tionscadal seo tá comhdhlúthú oiriúnach agus deisiúcháin ar chloigeann & balla meánaoiseach i mBaile Múrtha meánaoiseach Chairlinn. Agus é i bhfolach ar bhlúire de bhalla binne, ar cuid é de cheapach bhurgáiste atá fanta ón séú céad déag, teastaíonn obair phráinneach comhdhlúthaithe agus dheisiúcháin a dhéanamh ar an gcloigeann snoite daonna seo atá 500 bliain d'aois (creidtear gur ón mainistir Doiminiceach dó) ionas nach gcaillfear ar fad é. Tá sé i gceist laethanta spraíúla eolais a eagrú do theaghlaigh agus ceardlanna scileanna traidisiúnta a reáchtáil in éineacht leis na hoibreacha caomhnaithe.

An Táin Arts Centre, Dundalk

Quintessence Theatre Company: An Táin Arts Centre's theatre company-in-residence will produce a specialschools and young people's programme in conjunction with their annual program. This will include:

- Dracula, with a special matinee for secondary schools and theatre workshops
- Wind in the Willows, a promenade performance for all ages
- Romeo and Juliet, four matinees for the junior cert cycle, and drama workshops
- Cracks, a play about suicide with post-show discussion for young people.

Ardú

An Táin Arts Centre's voice ensemble-in-residence will work with both primary and secondary schools as well as third level students. Ardú will perform three concerts during 2017 as well as teaching the fundamentals of a cappella singing to primary and secondary schools. Students at Dundalk Institute of Technology will be appointed as Ardú Apprentices, enabling students to shadow a professional vocal ensemble, gaining valuable career advice and performance opportunities, as well as individual and collective technical advice.

Ionad Ealaíon An Táin, Dún Dealgan

Compántas Drámaíochta Quintessence Beidh compántas drámaíochta cónaithe an Ionaid Ealaíon An Táin ag léiriú clár speisialta do scoileanna agus do dhaoine óga i gcomhar lena gclár bliantúil. Áirithe ansin beidh:

- Dracula, mar aon le léiriú speisialta iarnóna agus ceardlanna amharclannaíochta do mheánscoileanna
- Wind in the Willows, taispeántas promanáide do gach aois
- Romeo and Juliet, ceithre léiriú iarnóna do shraith an teastais shóisearaigh mar aon le ceardlanna
- Cracks, dráma faoi fhéinmharú mar aon le plé tar éis an tseó do dhaoine óga.

Ardú

Beidh ensemble gutha cónaithe Ionad Ealaíon An Táin ag oibriú le bunscoileanna agus meánscoileanna araon agus freisin le mic léinn tríú leibhéal. Beidh Ardú ag léiriú trí cheolchoirm i rith 2017 chomh maith le bheith ag múineadh prionsabail na hamhránaíochta a cappella i mbunscoileanna agus meánscoileanna. Ceapfar mic léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan mar Phrintísigh Ardú, chun go mbeidh mic léinn in ann ensemble gairmiúil gutha a leanúint le comhairle luachmhar ghairme agus deiseanna taibhithe a fháil, chomh maith le comhairle theicniúil ina n-aonar agus le chéile.

Visual Arts Residency

An Táin Arts Centre's summer residency programme is open to recent graduates and artists at the start of their career looking to establish a collaborative practice. The aim of the residency is to assist artists to research and develop new work and give them the time and space to develop their practice in a community setting. During the residency, artists are provided with studio space, administrative support, a living stipend and a materials budget, as well as the opportunity to exhibit in the main gallery for the month of September.

School of Music

An Táin Arts Centre and Grow Music present a new school of music for children and adults in the North East. An Táin Arts Centre School of Music provides quality tuition in violin, cello, piano, voice, guitar, and ukulele, with both private and group classes available. Perfect for both beginners and improvers, our classes afford you and your child the space to develop and explore all that music has to offer. antain.ie

County Museum, Dundalk

Peter Rice Exhibition. Peter Rice was a structural engineer and a native of Dundalk, County Louth. He was centrally involved in the construction of some of the most significant and high profile building projects in the second half of the 20th Century, including Sydney Opera House, Lloyd's of London, Centre Pompidou, and the glass pyramid at the Louvre. The exhibition will provide an insight into his background and his achievements. dundalkmuseum.ie

Amharcealaíona Cónaitheachta

Tá clár cónaitheachta samhraidh Ionad Ealaíon An Táin oscailte do chéimithe agus d'ealaíontóirí nua atá ag tús a ngairme agus ag iarradh cleachtas comhoibríoch a bhunú. An aidhm atá leis an gcónaitheacht ná cabhair a thabhairt d'ealaíontóirí chun taighde agus forbairt a dhéanamh ar shaothair nua, agus am agus spás a thabhairt dóibh chun a gcleachtas a fhorbairt i suíomh pobail. Le linn na cónaitheachta, faigheann na healaíontóirí spás stiúideo, tacaíocht riaracháin, airgead maireachtála agus buiséad d'ábhair, mar aon le deis taispeántais sa phríomh-ghaileararaí ar feadh mhí Mheán Fómhair.

Scoil an Cheoil

Beidh scoil nua ceoil do leanaí agus do dhaoine fásta san Oirthuaisceart á cur ar fáil ag Ionad Ealaíon An Táin agus Grow Music. Cuireann Scoil Cheoil Ionad Ealaíon An Táin teagasc den scoth ar fáil ar an veidhlín, dordveidhil, pianó, guth, giotár agus ucailéile, agus tá fáil ar ranganna príobháideacha nó grúpa. Tá ár ranganna foirfe do thosaitheoirí agus d'fheabhsóirí araon agus cuirfidh siad spás ar fáil duit féin agus dod leanbh chun forbairt agus fiosrú a dhéanamh faoina bhfuil le fáil as an gceol. antain.ie

Músaem an Chontae, Dún Dealgan

Taispeántas Peter Rice Innealtóir struchtúir ab ea Peter Rice, de bhunadh Dhún Dealgan, Contae Lú. Bhí páirt lárnach aige i dtógáil chuid de na tionscadail fhoirgníochta ba shuntasaí agus ba mhó próifíle sa dara leath den 20ú céad, lena n-áirítear an Sydney Opera House, Lloyd's of London, Centre Pompidou, agus an phirimid ghloine ag an Louvre. Tabharfaidh an taispeántas léargas ar a chúlra agus ar a bhuaiceanna. dundalkmuseum.ie

Louth County Archives
The Joseph Dolan Exhibition. Joseph Dolan, 1872 – 1930, was a businessman from Ardee. He was involved with the Gaelic League, setting up St. Enda's School, the County Louth Archaeological Society, national politics, and a great friend to Pádraig Pearse. His contribution to progressive and cultural movements of the early 20th century will be explored in this exhibition. A research guide for the Decade of Centenaries. This will work as a guide and highlight the sources that Louth County Archives holds relating to this time period. www.louthcoco.ie/en/Services/Archives

Louth County Libraries
As the primary promoter of literacy and reader development in the county, Louth County Libraries will continue to provide opportunities to showcase our expertise through storytelling initiatives, a summer reading programme, literacy and numeracy summer camps, book festivals, creative writing workshops, the Children's Book Festival and many other initiatives. Louth County Libraries are at the heart of communities in County Louth, offering a service to meet the need of all ages and will continue to promote creativity and lifelong learning through its programmed events. www.louthcoco.ie/en/Services/Library

Cartlanna Chontae Lú
Taispeántas Joseph Dolan. Fear gnó as Baile Átha Fhirdhia ab ea Joseph Dolan, 1872 – 1930. Bhí baint aige le Conradh na Gaeilge, bhunaigh sé Scoil Éanna agus Cumann Seandálaíochta Chontae Lú, bhí sé gafa le polaitíocht náisiúnta agus cara mór ab é le Pádraig Mac Piarais. Sa taispeántas seo, breathnófar ar gach a ndearna sé do ghluaiseachtaí forásacha agus cultúir i dtús an 20ú céad. Treoir taighde maidir le Deich mBliana na gCuimhneachán. Treoir a bheidh anseo agus tabharfar chun solais ann na foinsí atá i gCartlanna Chontae Lú i dtaca leis an tréimhse ama seo. www.louthcoco.ie/en/Services/Archives

Leabharlanna Contae Lú
Mar phríomh-thionscnóir litearthachta agus léitheoireachta sa chontae, leanfaidh Leabharlanna Chontae Lú ag cur deiseanna ar fáil chun ár saineolas a léiriú trí thionscnaimh scéalaíochta, clár léitheoireachta samhraidh, campaí samhraidh litearthachta agus uimhearthachta, féilte leabhar, ceardlanna don scríbhneoireacht chruthaitheach, Féile Leabhar na Leanaí agus a lán tionscnamh eile. Tá Leabharlanna Contae Lú i gcroílár na bpobal i gContae Lú, ag cur seirbhíse ar fáil chun freastal ar riachtanais gach aoisghrúpa agus leanfaidh siad de bheith ag cur chun cinn na cruthaitheachta agus na foghlama ar feadh an tsaoil trína n-ócáidí cláraithe. www.louthcoco.ie/en/Services/Library

Creative Spark
Creative Spark is the centre for creativity and innovation in the North-East. Based in Clontygora in Dundalk, Creative Spark offers training, work spaces, artists' studios and a print-making facility, aimed at both enterprise and community.

Saturday 20 May National Drawing Day - a day of fun, free drawing activities 2pm - 5 pm. We are delighted to have Olga Danilova (Russia) join us as Artist-in-Residence; we will award our Schools Print Competition winners at this event.

Art as Exchange (below) will exhibit the results of their participatory postcard project. Wednesday 11 October Artist-in-Residence Exhibition at An Táin Arts Centre. Creative Spark's Artists-in-Residence for 2016-2017 will exhibit in a group show.

6 – 10 November Design Week 2017 – FabLab community event exploring design and STEM (science, technology, engineering and maths) in association with Fab Foundation Ireland and Design and Crafts Council of Ireland.

Bi Weekly 'Art as Exchange' is an informal, all-inclusive group of visual artists who meet together for the sake of making public art that is accessible, experiential, participative and or/free. www.creativespark.ie

Creative Spark
Ionad don chruthaitheacht agus don nuálaíocht atá lonnaithe san Oirthuaisceart is ea Creative Spark. Tá Creative Spark lonnaithe i gCluainte Gabhra, Dún Dealgan, agus cuireann siad oiliúint ar fáil mar aon le spásanna oibre, stiúideonna d'ealaíontóirí agus saoráid déanta priontaí atá dírithe ar fhiontar agus ar an bpobal araon.

Dé Sathairn, 20 Bealtaine - Lá Náisiúnta Líníochta - lá spraoi & gníomhaíochtaí líníochta in aisce, 2pm - 5pm. Tá áthas an domhain orainn go bhfuil Olga Danilova (ón Rúis) tagtha linn mar Ealaíontóir Cónaithe; beimid ag déanamh an bhronnta ar bhuaiteoirí ár gComórtas Priontaí Scoile ag an ócáid seo. Beidh Art as Exchange (thíos) ag taispeáint na dtorthaí a bhí ar a dtionscadal rannpháirtíochta cártaí poist.

Dé Céadaoin, 11 Deireadh Fómhair, Taispeántas an Ealaíontóra Cónaithe ag Ionad Ealaíon An Táin. Beidh Ealaíontóirí Cónaithe do 2016-2017 in Creative Spark ag déanamh taispeántais i seó grúpa.

6 - 10 Samhain, Seachtain Deartha 2017 - ócáid pobail de chuid FabLab ag féachaint ar dhearadh agus STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) i gcomhar le Fab Foundation Ireland agus Comhairle Deartha agus Ceardaíochta na hÉireann.

Grúpa neamhfhoirmiúil, uileghabhálach désheachtainiúil d'ealaíontóirí amhairc is ea 'Art as Exchange' a thagann le chéile chun ealaín phoiblí a dhéanamh atá inrochtana, eispéireasach, rannpháirtíoch agus/nó in aisce. www.creativespark.ie

Droichead Arts Centre

Drogheda Traditional Music Festival
Our annual music festival is back for the last weekend in November. Featuring big names, local names, and international names, workshops for young and old, a schools programme, concerts and sessions that take place all over town, in pubs and restaurants.

Film Club
Our film club runs every second Tuesday from September. The best in international and Irish films are screened. droichead.com

Highlanes Gallery

Bristle
An exhibition and related programme of public events and workshops at the Highlanes Gallery, Drogheda, (8 July -23 September 2017). Bristle brings together a range of artworks and objects from the 17th century to the contemporary moment, and from diverse ethnic and cultural contexts. Featuring a selection of art from major public museums, the Drogheda Municipal Art Collection, as well as private collections, the exhibition will draw on the rich scientific, literary, political and aesthetic contexts in which hair plays a central role. The exhibition will include work by historic and contemporary artists including Dante Gabriel Rossetti, Matthew and Mary Darly, Albrecht Durer, Hashiguchi Goyo, James Barry, Abigail O'Brien, Jane Giffney, Stephen Lau, Barrie Cooke, David Hockney, Bharti Parma, Alice Maher and Helen Chadwick. We have already secured loans from the National Gallery of Ireland and the Chester Beatty Library, Dublin and are in completion of loan agreements with IMMA, Dublin City Gallery and the British Council. In addition the Highlanes has commissioned one piece of new work and is borrowing a range of contemporary art from emerging and established artists.

For Bristle
A gallery text/essay will be commissioned that considers all elements of the exhibition for Saturday 8 July, and a cross disciplinary evening event, offsite at Beaulieu House incorporating a public interview between artist Alice Maher with Tony Clayton-Lea (Irish Times), poet Colm Keegan and singer songwriter, Marlene Enright on Saturday 12 August. www.highlanes.ie

Ionad Ealaíon an Droichid
Féile Ceoil Thraidisiúnta Dhroichead Átha - beidh ár bhféile ceoil bhliantúil ar ais an deireadh seachtaine deiridh de mhí na Samhna. Beidh daoine mór le rá, daoine áitiúla agus daoine idirnáisiúnta ann, mar aon le ceardlanna d'óg agus d'aosta, clár do scoileanna, ceolchoirmeacha agus seisiúin a bheidh ar siúl ar fud an bhaile sna tithe ósta agus sna bialanna.

Club Scannán
Bíonn ár gClub Scannán ar siúl gach dara Máirt ó Mheán Fómhair ar aghaidh. Taispeántar an chuid is fearr de na scannáin Éireannacha agus idirnáisiúnta. droichead.com

Gailearaí na Lánaí Arda

Bristle
Taispeántas agus clár d'ócáidí poiblí agus ceardlanna a bhaineann leis ag Gailearaí na Lánaí Arda, Droichead Átha, (8 Iúil - 23 Meán Fómhair 2017). Taispeántas atá i Bristle de réimse de shaothair agus d'earraí ealaíne ón 17ú céad le chéile go dtí an lá atá inniu a bhaineann le comhthéacsanna éagsúla eitneacha agus cultúir. Léirithe ann beidh rogha ealaíon ó mhúsaeim mhóra phoiblí, ó Bhailiúchán Cathrach Ealaíne Dhroichead Átha agus ó bhailiúcháin phríobháideacha agus bainfear úsáid as comhthéacsanna saibhre eolaíocha, liteartha, polaitiúla agus aeistéitiúla sa taispeántas ina mbeidh ról lárnach ag gruaig. Áirithe sa taispeántas beidh saothair ó ealaíontóirí stairiúla agus comhaimseartha, ina measc, Dante Gabriel Rossetti, Matthew agus Mary Darly, Albrecht Durer, Hashiguchi Goyo, James Barry, Abigail O'Brien, Jane Giffney, Stephen Lau, Barrie Cooke, David Hockney, Bharti Parma, Alice Maher agus Helen Chadwick. Tá nithe faighte ar iasacht againn cheana féin ó Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Leabharlann Chester Beatty, Baile Átha Cliath, agus tá bailchríoch á chur ar chomhaontaithe iasachta le IMMA, Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath agus an British Council. Lena chois sin, tá píosa amháin de shaothar nua coimisiúnaithe ag na Lánaí Arda agus tá réimse d'ealaíon chomhaimseartha á fháil ar iasacht ó ealaíontóirí nua agus ealaíontóirí seanbhunaithe.

Do Bristle
Déanfar coimisiúnú ar théacs/aiste gailearaí a chuirfidh na heilimintí go léir a bheidh sa taispeántas san áireamh don Satharn 8 Iúil, mar aon le hócáid tras-disciplíneach lasmuigh den láthair ag Teach Beaulieu. www.highlanes.ie

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

Comhairle Contae **Lú**
Louth County Council